C/2025/946

4.2.2025

FÓGRA ÓN GCOIMISIÚN

Cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2025/40 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann

(C/2025/946)

SÉANADH

Is é is aidhm don fhógra treorach seo go n-éascófar cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2025/40 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht ([1]) maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann. Cé go bhféachtar san Fhógra seo le cúnamh a thabhairt d'údaráis agus d'oibreoirí, is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh amháin atá inniúil chun dlí an Aontais a léirmhíniú go húdarásach.

1. Creat dlíthiúil agus breithnithe ábhartha eile

Tharraing an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas Eorpach an 1 Feabhra 2020. Tugadh an Comhaontú um Tharraingt Siar ([2]) i gcrích idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus an Ríocht Aontaithe, den pháirt eile. Tugadh i gcrích é le Cinneadh (AE) 2020/135 ([3]) ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. Tá foráil sa Chomhaontú um Tharraingt Siar maidir le hidirthréimhse ar tháinig deireadh léi an 31 Nollaig 2020.

Ag deireadh na hidirthréimhse, scoir dlí an Aontais d'fheidhm a bheith aige maidir leis an Ríocht Aontaithe, agus tháinig an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann – dá ngairtear Creat Windsor ([4]) anois, ar dlúthchuid den Chomhaontú um Tharraingt Siar é, i bhfeidhm.

I gcomhréir le hAirteagal 5(4) agus pointe 25 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor, tá feidhm ag Treoir 94/62/CE ([5]), chomh maith le gníomhartha dlí an Aontais lena bhforlíontar nó lena gcuirtear an gníomh dlíthiúil sin chun feidhme ([6]), nó lena leasaítear nó lena n-ionadaítear ([7]) an gníomh dlíthiúil sin, maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.

An 19 Nollaig 2024 ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2025/40, a tháinig in ionad Threoir 94/62/CE. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 13(3) de Chreat Windsor, an tagairt do Threoir 94/62/CE i bpointe 25 d'Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Creat Windsor, léifear anois í mar thagairt do Rialachán (AE) 2025/40.

2. Infheidhmeacht maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann

Ní thagann roinnt forálacha de chuid Rialachán (AE) 2025/40 faoi raon feidhme Chreat Windsor. Is iad seo a leanas na forálacha sin:

— Airteagal 23;

— Airteagail 29 go 33;

([1]) Rialachán (AE) 2025/40 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2024 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE (IO L, 2025/40, 22.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/40/oj).

([2]) Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 29, 31.1.2020, lch. 7) ('an Comhaontú um Tharraingt Siar').

([3]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 1.

([4]) Is é Creat Windsor an bealach nua lena ndéantar tagairt don Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, arna leasú le Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar, i gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe (IO L 102, 17.4.2023, lch. 87).

([5]) Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht (IO L 365, 31.12.1994, lch. 10).

([6]) Airteagal 6(3) den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

([7]) Airteagal 13(3) de Chreat Windsor.

— Airteagal 34 agus Airteagal 56(1)(b) seachas sa chás ina ndéanann an Ríocht Aontaithe bearta i leith Thuaisceart Éireann chun laghdú marthanach in úsáid málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 34(1);

— Airteagail 41 go 55;

— Míreanna 1(a), 1(c) agus 6 d'Airteagal 56; agus

— Airteagail 57 agus 63.

I bhfianaise a bhfuil thuas, níor cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin de Rialachán (AE) 2025/40 maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.